Proud title sponsor

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Fáinne 3: Áthas na hIarrachta + Misneach

Tabhair sainmhínithe do na téarmaí seo:

Spreagadh Intreach:

_____

Spreagadh Eistreach:

_____

Sruth:

_____

Ikigai:

_____



Céard a thugann spreagadh duit?

An dóigh leat go bhfaigheann lúthchleasaithe spreagadh ó bhoinn (eistreach) nó sásamh (intreach) nó an dá rud? Cén uair a bhíonn "sruth" agat? Cén "ikagai" a bheadh agat? Cén rud a dhéanfá go sona ar feadh 10,000 uair an chloig dá mbeifeá in ann?

_____

_____

Gníomhaíocht Ranga

Sa chairt thíos, scríobh síos faoi 'IS MAITH LIOM' na rudaí a mbaineann tú taitneamh astu, a bhfuil tú fiosrach fúthu agus a bhfuil suim agat iontu. Faoi 'BUANNA', scríobh síos na rudaí a bhfuil tú go maith acu. (Mura bhfuil tú cinnte faoin méid ba chóir duit a scríobh, cuir ceist ar bheirt chairde faoi na buanna atá agat. Is maith an rud é na rudaí a thaitníonn leat agus do chuid buanna a aithint agus tú ag smaoineamh faoi roghanna gairme amach anseo.)

	IS MAITH LIOM	BUANNA
Ar scoil		
Sa bhaile		
Mar chaithimh aimsire		

Misneach sa Rang

Gníomhaíocht Ranga

Déan plé ar na ráitis thíos i ngrúpaí beaga.

Cuid A

Fíor nó Bréagach?

- Is féidir misneach a úsáid ar bhealaí dearfacha nó diúltacha
- Tá sé níos éasca a bheith a bheith misniúil má tá tú mar chuid de ghrúpa ar scoil a bhfuil tóir air
- Is minic a bhíonn scoláirí misniúil ar scoil
- Níl piarbhrú chomh mór céanna is a deirtear
- Caithfidh misneach a bheith agat chun admháil do dhaoine eile nuair atá botún déanta agat
- Is fearr i gcónaí fanacht amach as rudaí ach amháin má bhaineann siad leat go díreach

Cuid B

Déan na nithe thíos a rangú ón rud is misniúla (1) go dtí an rud is lú a mbaineann misneach leis (6).

- Triail a bhaint as spórt nua nuair nach bhfuil tú cinnte an mbeidh tú go maith aige
- A bheith i do scoláire nua ar scoil
- Diúltú don phiarbhrú nuair atá do chairde ar fad ag dul leis an slua
- Triail a bhaint as cleachtadh aclaíochta os comhair do chairde nach ndearna tú riamh
- Admháil do do thuismitheoirí gur inis tú bréag dóibh
- Cabhrú le duine a bhfuil bulaíocht á déanamh air/uirthi

Misneach chun Aird a Tharraingt air

"Níl a leithéid de rud ann agus gníomh beag cineálta. Baineann iarmhairtí le gach gníomh nach mbíonn aon deireadh loighciúil leo." - Scott Adams

Conas is féidir leat do chabhair a chur in iúl do dhuine a bhfuil bulaíocht á déanamh air/uirthi? Ó bhéal? Gothaí gnúise? Comharthaíocht choirp? Focail? Gníomhartha? (smaoinigh ar rudaí móra agus beaga)

_____

_____

_____

_____

Gníomhaíocht Ranga - Aimsigh Sliocht

Aimsigh sliocht a bhaineann le misneach nó áthas. Is féidir leis teacht ó amhrán, ó dhán, ó fhógra nó ó fhoinse eile. Roinn leis an rang é. Abair leo an fáth ar roghnaigh tú é.

Machnamh/Mioncheistiú

- Céard a cheap tú den fháinne seo?
- Cén rud ba mhó a thaitin leat faoi?
- Cén rud ba mhó nár thaitin leat faoi?
- Cén rud ar mhaith leat cuimhneamh air?